Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Nollaig 2023
(OR. en)

16336/23

CT 193
ENFOPOL 531
COTER 236
JAI 1613
COPEN 432

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 4 Nollaig 2023 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15407/23 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an tacaíocht a thugtar d'íospartaigh na sceimhlitheoireachta agus ar an aitheantas a thugtar dóibh<br>– *Conclúidí ón gComhairle (4 Nollaig 2023)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an tacaíocht a thugtar d'íospartaigh na sceimhlitheoireachta agus ar an aitheantas a thugtar dóibh, a ghlac an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) ag an 3992ú cruinniú dá cuid, a tionóladh an 4 Nollaig 2023.

# CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le feabhas a chur ar an tacaíocht a thugtar d'íospartaigh na sceimhlitheoireachta agus ar an aitheantas a thugtar dóibh

AG CUR I BHFIOS GO LÁIDIR DÓIBH gur bagairt dhomhanda ríthábhachtach i gcónaí í an sceimhlitheoireacht, go bhfuil sí ar cheann de na sáruithe is tromchúisí ar luachanna an Aontais Eorpaigh agus go gcuireann sí bunphrionsabail dhaonlathacha i mbaol, mar shampla urraim do chearta an duine, don smacht reachta agus don chomhtháthú sóisialta.

AG COIMEÁD I gCUIMHNE DÓIBH nach mór dul i ngleic le comhrac na sceimhlitheoireachta, ní hamháin ó thaobh na slándála de, ach trí dhíriú ar na daoine a ndéantar difear díreach dóibh freisin, ní mór do na Ballstáit freagairt chuimsitheach a áirithiú ar riachtanais íospartaigh na sceimhlitheoireachta toisc nach freagracht mhorálta amháin é freastal ar a riachtanais ach gur freagracht mhorálta é freisin go gcomhlíonfaí oibleagáidí dlíthiúla faoin dlí idirnáisiúnta agus faoi dhlí an Aontais.

AG CUR SAN ÁIREAMH go mbunaítear leis an Treoir maidir le Cearta Íospartach[1] íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta agus go n-aithníonn sí go bhfuil gá le haird, tacaíocht agus cosaint speisialta d'íospartaigh na sceimhlitheoireachta mar gheall ar chineál ar leith na coire; an t-athbhreithniú atá beartaithe ar an Treoir maidir le Cearta Íospartach[2] a bhfuil sé mar aidhm léi cearta íospartaigh na coireachta san Aontas a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear cearta íospartaigh na sceimhlitheoireachta; áirítear sa Treoir Frithsceimhlitheoireachta[3] forálacha ar leith atá tiomnaithe d'íospartaigh na sceimhlitheoireachta agus foráiltear léi go n-áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh seirbhísí tacaíochta i bhfeidhm sa bhreis ar sheirbhísí ginearálta tacaíochta d'íospartaigh, nó mar chuid chomhtháite díobh, lena dtugtar aghaidh ar riachtanais shonracha íospartaigh na sceimhlitheoireachta agus go mbeidh siad ar fáil díreach tar éis ionsaí sceimhlitheoireachta agus chomh fada agus is gá.

---

1 Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta (IO L 315, 14.11.2012, lch. 57).

2 Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta (11840/23).

3 Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac (IO L 88, 31.3.2017, lch. 6).

AG TABHAIRT DÁ nAIRE gur iarr an Chomhairle, ina Conclúid maidir le híospartaigh na sceimhlitheoireachta a glacadh an 4 Meitheamh 2018[4], ar na Ballstáit pointe teagmhála náisiúnta a ainmniú a bheadh freagrach as faisnéis a sholáthar maidir leis an tacaíocht, leis an gcúnamh, leis an gcosaint agus leis an gcóras cúitimh atá ar fáil d'íospartaigh, d'fhonn mearmhalartú faisnéise agus cúnaimh a éascú i gcás ionsaí sceimhlitheoireachta.

AG AITHINT DÓIBH na tionscnaimh de chuid an Aontais lena dtugtar tacaíocht agus rannpháirtíocht d'íospartaigh na sceimhlitheoireachta, mar shampla Straitéis an Aontais maidir le cearta íospartach (2020–2025) a glacadh i mí an Mheithimh 2020, atá infheidhme maidir le híospartaigh uile na gcoireanna uile agus aird ar leith á tabhairt ar na híospartaigh is leochailí agus an Clár Oibre i gcoinne na Sceimhlitheoireachta, a thíolaic an Coimisiún i mí na Nollag 2020, ina n-iarrtar tacaíocht fheabhsaithe d'íospartaigh na sceimhlitheoireachta; an Líonra um Fheasacht ar an Radacú trína bhfuil an Coimisiún ag tacú le híospartaigh na sceimhlitheoireachta ó 2011 i leith, go háirithe laistigh den Mheitheal thiomnaithe um Íospartaigh na Sceimhlitheoireachta; ardán an Aontais um Chearta Íospartach lena bhforáiltear do chur chuige níos cothrománaí maidir le cearta íospartach, lena n-áirítear cearta íospartaigh na sceimhlitheoireachta, trí ghníomhaithe uile ar leibhéal an Aontais atá ábhartha do chearta íospartach a thabhairt le chéile den chéad uair; agus Lárionad an Aontais um Shaineolas d’Íospartaigh na Sceimhlitheoireachta (EU CVT) a bhunaigh an Coimisiún Eorpach chun saineolas, treoir agus tacaíocht a thabhairt d’údaráis náisiúnta agus d’eagraíochtaí tacaíochta íospartach.

AG AITHINT DI an rath a bhí ar EU CVT le linn chéim an treoirthionscadail agus cinneadh an Choimisiúin leanúint ar aghaidh le céim nua 2 bhliain agus deis a bheith ann síneadh 2 bhliain eile a chur leis.

ÓS FEASACH DI nár fhulaing na Ballstáit uile ionsaithe sceimhlitheoireachta ar a gcríoch nó nach bhfuil daoine ina ngnáthchónaí iontu a bhí ina n-íospartaigh sceimhlitheoireachta i dtíortha eile agus, dá bhrí sin, nach bhfuil forálacha sonracha acu i ndáil le híospartaigh na sceimhlitheoireachta.

[4] 9719/18.

Á CHUR I dTREIS go bhfuil gné dhomhanda thrasnáisiúnta ag baint leis an bhfeiniméan sceimhlitheoireachta atá ann faoi láthair agus go n-éilítear leis go mbeadh na Ballstáit uile ullamh ar eagla go dtarlóidh ionsaí sceimhlitheoireachta ar a gcríoch nó go mbeadh tionchar ag ionsaí sceimhlitheoireachta ar na daoine atá ina gcónaí iontu. Ba cheart réitigh indéanta éifeachtúla a ghlacadh chun ullmhacht agus freagairt chomhsheasmhach a bhaint amach ar fud an Aontais Eorpaigh.

AGUS É Á CHUR SAN ÁIREAMH gurb é conclúid na Tuarascála ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle bunaithe ar Airteagal 29(2) den Treoir Frithsceimhlitheoireachta[5], in ainneoin thionchar foriomlán na Treorach, go bhfuil easnaimh ann a mhéid a bhaineann le trasuí forálacha sonracha d'íospartaigh na sceimhlitheoireachta, a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar íospartaigh trasteorann na sceimhlitheoireachta nach bhfuil cúnamh nó tacaíocht atá saincheaptha dá riachtanais shonracha á bhfáil acu.

AG TABHAIRT DÁ nAIRE nár ainmnigh gach Ballstát pointe teagmhála aonair i gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle maidir le híospartaigh na sceimhlitheoireachta.

AG AITHINT DÓIBH gur bunaíodh pointí teagmhála aonair d'íospartaigh na sceimhlitheoireachta mar líonra sonrach laistigh den Líonra Eorpach maidir le Cearta Íospartach.

AG TABHAIRT DÁ nAIRE, sa bhreis ar an ngá atá le pointe teagmhála aonair ainmnithe a bheith ag na Ballstáit a bheidh in ann cúnamh a éascú d'íospartaigh na sceimhlitheoireachta, gur cheart dea-chleachtais agus moltaí maidir le comhar agus comhoibriú idir na pointí teagmhála aonair i gcás ionsaí sceimhlitheoireachta a fhágfaidh íospartaigh trasteorann a leagan amach i bprótacal oibríochtúil neamhcheangailteach. Dhréachtaigh líonra na bpointí teagmhála aonair doiciméad neamhcheangailteach dar teideal 'Prótacal Oibríochtúil le haghaidh Líonra na bpointí teagmhála aonair d'íospartaigh na sceimhlitheoireachta'[6], lenar féidir, agus imthosca náisiúnta éagsúla na mBallstát á gcur san áireamh, cuidiú leis na híospartaigh sin cúnamh, tacaíocht, cosaint agus cúiteamh airgeadais a fháil i gcomhréir leis an reachtaíocht Eorpach.

---

**5** Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle bunaithe ar Airteagal 29(2) de Threoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle (13478/1/21 REV 1 + ADD 1 + COR 1).

**6** 14763/23.

Á CHUR IN IÚL DÓIBH go bhfágann gné pholaitiúil agus shochaíoch fhoriomlán ionsaithe sceimhlitheoireachta gur gá íospartaigh na sceimhlitheoireachta a aithint agus a thabhairt chun cuimhne, rud atá mar bhonn ag próiseas téarnaimh na n-íospartach mar dhaoine aonair agus mar bhaill den phobal, agus a chothaíonn comhtháthú sóisialta agus cosaint luachanna daonlathacha. Tá sé ríthábhachtach go gcoinneoidh na Ballstáit cuimhne ar íospartaigh na sceimhlitheoireachta, mar ghníomh ceartais agus mar ionstraim le haghaidh dídhlisteanú sóisialta na sceimhlitheoireacht agus an antoisceachais fhoréignigh.

AG AITHINT DÓIBH an ról lárnach ba cheart a bheith ag íospartaigh na sceimhlitheoireachta sna beartais chuimhneacháin sin, go háirithe an ról atá acu maidir le feasacht ar fhoréigean sceimhlitheoireachta a mhúscailt trína dteistiméireachtaí, ós rud é gur uirlis chumhachtach iad a nguthanna chun feasacht a mhúscailt ar iarmhairtí daonna na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh.

AGUS BÉIM Á LEAGAN ACU ar rannchuidiú na sochaí sibhialta agus eagraíochtaí íospartach maidir le tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh na sceimhlitheoireachta, trí aird a tharraingt ar na saincheisteanna éagsúla a bhíonn os a gcomhair agus trí bheartais chuimhneacháin agus trí dhídhlisteanú na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh.

**IARRTAR AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH**

A BHEITH AIRDEALLACH gur gá a bheith ullamh i gcás ionsaí sceimhlitheoireachta agus, mar sin, pointe teagmhála aonair a ainmniú d'íospartaigh na sceimhlitheoireachta chun feidhmiú chearta na n-íospartach trasteorann a éascú agus chun rannchuidiú le comhar éifeachtach idir na Ballstáit uile.

MOLADH DÁ bpointe teagmhála aonair náisiúnta é féin a chur chun cinn chun go mbeidh na húdaráis atá rannpháirteach ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta ar an eolas faoi agus a ghealladh go gcoinneofar an liosta de phointí teagmhála an Líonra Eorpaigh maidir le Cearta Íospartach cothrom le dáta.

Cur chun feidhme na ndea-chleachtas agus na moltaí atá sa 'Prótacal Oibríochtúil le haghaidh Líonra na bpointí teagmhála aonair d'íospartaigh na sceimhlitheoireachta' A MHEAS agus reachtaíocht agus sainiúlachtaí náisiúnta na mBallstát á n-urramú go hiomlán.

MOLADH go nglacfaí an t-athbhreithniú spriocdhírithe ar an Treoir maidir le Cearta Íospartach a bhfuil sé mar aidhm léi a áirithiú gur féidir le híospartaigh na coireachta, lena n-áirítear íospartaigh na sceimhlitheoireachta, tairbhe iomlán a bhaint as a gcearta san Aontas.

MOLADH go nglacfaí bearta chun a áirithiú go dtabharfaí aitheantas agus urraim d'íospartaigh na sceimhlitheoireachta, trí oiliúint a chur chun cinn do na gairmithe a bhíonn ag déileáil leo, agus aird na meán a tharraingt ar an gcaoi a gcaitear le híospartaigh agus cur chuige a spreagadh ina léirítear mianta agus rannchuidiú na n-íospartach go cuí in imeachtaí comórtha.

CUIMHNEAMH AR go músclaíonn guthanna íospartaigh na sceimhlitheoireachta agus a dteistiméireachtaí feasacht ar iarmhairtí daonna na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh agus gur cheart, dá bhrí sin, iad a bheidh i gcláir agus i straitéisí na mBallstát chun radacú foréigneach a chosc.

Beartais chuimhneacháin d'íospartaigh na sceimhlitheoireachta A CHUR CHUN CINN de réir chustaim agus chleachtais aonair na mBallstát, ionas nach ndéanfar dearmad orthu siúd a cailleadh nó a d'fhulaing gortuithe fisiciúla nó síceolaíocha nó a chaill a saoirse mar thoradh ar fhanaiceacht sceimhlitheoireachta, agus is féidir na beartais sin a úsáid mar ionstraim chun radacú foréigneach a chosc freisin.

SMAOINEAMH ar bhealaí chun go mbeidh sé níos éasca faisnéis maidir le híospartaigh trasteorann a mhalartú, chun leasa na n-íospartach.

**IARRTAR AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH**

Comhar A MHOLADH idir na Ballstáit, na struchtúir atá san Aontas cheana agus an tsochaí shibhialta chun tacaíocht éifeachtúil a chur ar fáil d'íospartaigh na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta díreach nuair a tharlaíonn ionsaí agus ina dhiaidh sin.

A ÁIRITHIÚ go leanfar d'fheidhmiú Lárionad an Aontais um Shaineolas ar Íospartaigh na Sceimhlitheoireachta agus go leathnófar a raon gníomhaíochtaí ionas gur féidir leis cur chuige níos praiticiúla a ghlacadh i ndáil le tacú leis na Ballstáit, go háirithe na Ballstáit is lú a bhíonn ullmhaithe, má dhéantar ionsaí sceimhlitheoireachta orthu, agus comhpháirtíochtaí nua le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le tíortha nach bhfuil san Aontas á n-éascú ag an am céanna.

TACÚ le feidhmiú líonra na bpointí teagmhála aonair d'íospartaigh na sceimhlitheoireachta faoin Líonra Eorpach maidir le Cearta Íospartach, agus comhar éifeachtúil oibríochtúil á eagrú idir pointí teagmhála aonair na mBallstát.

Eagrú Lá Cuimhneacháin bliantúil an Aontais d'Íospartaigh na Sceimhlitheoireachta A BHUANÚ, i ndlúthchomhar le cumainn íospartach, i ndilchuimhne agus mar léiriú ar theacht aniar araon.

A ÁIRITHIÚ go mbeidh guthanna na n-íospartach agus na ndaoine a tháinig slán ón sceimhlitheoireacht mar chuid de na gníomhaíochtaí a fhorbrófar faoi chuimsiú Mhol Eolais an Aontais maidir leis an radacú a chosc atá le seoladh in 2024.